



## **Polasaí Tinrimh Scoile/School Attendance Policy**

### **Réamhrá Introduction**

Is bun scoil chomhoideachas, lán-Ghaeilge, ilchreidmheach í Gaelscoil Riada a osclaíodh i 2006, faoi phátrúnacht an Fhorais Phátrúnachta, chun freastal ar an éileamh ar bhunoideachas trí Ghaeilge sa cheantar áitiúil.

Gaelscoil Riada is a co-educational, all-Irish, multid denominational primary school opened in 2006 under the patronage of the Foras Pátrúnachta, to cater for the demand for all-Irish primary education in the local area.

Más rud é go bhfuil difríocht idir a bhfuil scríofa as Gaeilge agus as Béarla sa pholasaí seo, glactar leis an leagan Gaeilge mar an leagan cruinn agus na leagan Béarla mar aistriúchán.

Should there be any discrepancy between the Irish and English in this policy, it is accepted that the Irish is the correct version and the English is provided as a translation.

### **Aidhmeanna:**

- A mholadh do dhaltaí freastail ar scoil go rialta agus go poncúil.
- Freagracht i leith tinrimh scoile a roinnt i measc foireann/pobal scoile.
- Comhphobal na scoile a chur ar an eolas maidir le ról agus freagrachtaí, de réir an Acht Oideachais 1998
- Daltaí a aithint a d'fhéadfadh a bheith i mbaol fadhbanna maidir le tinreamh.
- A chinntiú go bhfuil nósanna imeachta ag an scoil chun tinreamh a chur chun cinn.
- Forbairt a dhéanamh chomh fada agus is féidir ar nascanna scoile/baile leis na teaghlaigh a bhfuil páiste leo i mbaol fadhbanna tinrimh a fhorbairt.
- Na constaicí a chuireann bac le dea-thinreamh a aithint agus deireadh a chur leo.

### **Aims:**

- *To motivate pupils to attend school on a regular basis as well as being punctual*
- *To share the responsibility for school attendance among the staff and school community To make the school community aware of their responsibilities as laid down in the Education Act 1998.*
- *To recognise those children who could be in danger of developing attendance problems.*
- *To ensure that procedures are in place to promote attendance in a positive manner*
- *To develop as far as possible the home/school links with families who would be at risk of low attendance.*
- *To recognise and remove the obstacles to regular attendance.*

### **Cinnteoídh an scoil:**

- Go gcuirfear tábhacht an tinrimh ar fud na scoile chun cinn.
- Go gclárófar daltaí i gceart agus go héifeachtach.
- Go ndéanfar taifead ar thinreamh go laethúil mar atá molta i gCiorclán 33/2015.
- Go ndéanfar teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí i dtaobh as láithreachtaí leanúnach nó i gcás nár tugadh cúis.
- Go ndéanfar monatóireacht ar thinreamh agus poncúlacht.
- Go ndéanfar staitisticí tinrimh a thuairisciú, de réir mar ba chóir go:



- Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS)
- An tOifigeach Leasa Oideachais
- An Bord Bainistíochta

*The school will ensure that:*

- *The importance of school attendance is promoted throughout the school.*
- *Pupils are registered accurately and efficiently.*
- *Pupil attendance is recorded daily as per Circular 33/2015.*
- *Parents or guardians are contacted when reasons for absences are unknown or have not been communicated.*
- *Pupil attendance and lateness is monitored.*
- *School attendance statistics are reported as appropriate to:*
  - *TUSLA Education Support Services (TESS)*
  - *The Education Welfare Officer*
  - *The Board of Management*

### **Poncúlacht:**

Tosaíonn an scoil ag 8.50 agus is gá go mbeadh daltaí ar scoil ag an am sin. Táthar ag súil leis go mbeidh daltaí agus múinteoirí ar scoil in am. Glactar le páistí na scoile óna 8:45r.n. agus déantar maoirseoireacht don 5 nóim roimh scoile. (Féach Polasaí Maoirseoireachta)

Buailtear clog na scoile ag 8:50r.n. Glacann príomhoide/leas-phríomhoide na scoile leis na daltaí ata déanach óna 8:50- 9:00 agus tacaíonn sí leo a seomraí a haimsiú. **Má thagann páiste ar scoil théis a 9:00r.n., caithfidh an tuismitheoir scoile iad a shiniú isteach i leabhrán tinreamh na scoile (san oifig).**

Déanfar teagmháil ón scoil sa chás go mbíonn dalta déanach go rialta. Tá dualgaisí ar an bPríomhoide, faoin Acht, ainmeacha páistí a bhíonn déanach go rialta a chur faoi bhráid an Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla.

### **Punctuality**

*School is open from 8.50 a.m. and children are required to be in their assembly line at that time. All pupils and teachers are expected to be on time for school. Pupils are supervised on the school grounds from 8:45a.m. (see School Supervision Policy)*

*The school bell rings at 8:50a.m. The Principal/Vice-principal assist pupils who miss the line in the morning from 8:50-9:00a.m. **Any pupils that arrive after 9:00a.m. must be registered by a parent/ guardian in the late attendance book in reception. (office)***

*The school will contact parents/guardians in the event of pupils being consistently late. The Principal is obliged under The Act, to report children who are persistently late, to the TUSLA Education Support Services.*

### **Treoir do thuismitheoirí**

Caithfear cúiseanna neamhláithreachta a chur in iúl don scoil tríd an aip scoile Databiz Eolas nó ríomhphost chuig an múinteoir ranga. Déanfaidh an scoil teagmháil le tuismitheoirí in éagmais taifead cúis neamhláithreachta a bheith faighte ag an scoil.



Deireann Alt [(21) (9)] den Acht go “measfar nach bhfuil mac léinn as láthair ón scoil i gcás ina bhfuil aon tréimhse neamhláithreachta údaraithe ag an bpríomhoide agus go mbaineann sí le gníomhaíochtaí a bheidh eagraithe ag an scoil nó a bhfuil baint ag an scoil leo”. Ní féidir leis an príomhoide neamhláithreacht daltaí a údarú i dtaobh saoire i rith am scoile. Ní féidir leis an scoil obair a ullmhú d’aon pháiste(i) atá ag du lar laethanta saoire ach an oiread.

Tá sé riachtanach nach gcuirfear laethanta saoire in áireamh i rith na scoilbhliana ach má dhéantar go gcuirfeadh na tuismitheoirí in iúl don scoil na socruithe seo.

### **Guide for Parents**

*If your child is absent from school, the reasons must be logged and communicated through an email to the class teacher or through the DATABIZ EOLAS School App. The school will contact parents when an explanation for the child’s absence is not logged/received by the school.*

*Section [(21) (9)] of the Act states that: “a pupil’s absence can only be authorised by the Principal when the child is involved in activities organised by the school or in which the school is involved”. The school Principal cannot authorise a child’s absence for holidays during school time. Nor can the school facilitate setting work for a child taking voluntary absence during school time. It is essential that parents avoid such absences but inform the school in the event that such an absence arises.*

### **Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí dea-thinreamh a spreagadh trí:**

- Poncúlacht agus tinreamh rialta a chinntiú.
- Cur in iúl don scoil tríd ríomhphost nó an AIP DATABIZ EOLAS munar féidir lena gcuid páistí freastal ar scoil ar chúis ar bith.
- Comhoibriú leis an scoil agus an tseirbhís Scoile agus Oideachais chun fadhbanna tinrimh a sháru.
- Cinntiú go dtuigeann na páistí go dtacaíonn tuismitheoirí le tinreamh scoile.
- Asláithreachtaí pleanáilte a phlé leis an scoil.
- Más féidir in aon chor, saoire in am scoile a sheachaint.
- Suim a léiriú i lá scoile na bpáistí agus ina gcuid obair bhaile.
- Iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh in imeachtaí scoile.
- Moladh agus spreagadh a thabhairt dá gcuid páistí.
- Féin-íomhá dearfach a chothú ina gcuid páistí, chomh maith le meon dearfach maidir lena bhfiúntas pearsanta féin.
- Cur in iúl don scoil i scríbhinn na fáthanna nach féidir le dalta a bheith ar scoil.
- Cinntiú, chomh fada agus is féidir, go socraítear cinní (le fiacloirí srl.) ag amanna lasmuigh d’uaireanta scoile.
- Teagmháil a dhéanamh leis an scoil láithreach, i gcás cúiseanna imní maidir le tinreamh nó ábhair ghaolmhara eile.
- Cur in iúl don scoil roimh ré i gcás go mbeadh páiste/í le bailiú ag duine nach bhfuil aithne ag an múinteoir air.

### **Parents/guardians can promote good school attendance by:**

- *Ensuring regular and punctual school attendance.*



- *Notifying the School through email or the DATABIZ EOLAS APP if their children cannot attend school for any reason.*
- *Working with the School and education welfare service to resolve any attendance problems;*
- *Making sure their children understand that parents support school attendance;*
- *Discussing planned absences with the school.*
- *Refraining, if at all possible, from taking holidays during school time*
- *Showing an interest in their children's school day and their children's homework.*
- *Encouraging their children to participate in school activities.*
- *Praising and encouraging their children's achievements.*
- *Instilling in their children, a positive self-concept and a positive sense of self-worth.*
- *Informing the class teacher by email or on DATABIZ of the reasons for absence from school.*
- *Ensuring, insofar as is possible, that children's appointments (with dentists etc), are arranged for times outside of school hours.*
- *Contacting the school immediately, if they have concerns about absence or other related school matters.*
- *Notifying the school by phone if their child/children, particularly children in junior classes, are to be collected by someone not known to the teacher.*

### **Straitéis chun Dea-Thinreamh Scoile a Chothú**

Is mian leis an mBord Bainistíochta atmaisféar dearfach a chothú sa scoil chun dea- thinreamh a chur chun cinn. Chuige seo:

- *Bíonn curaclam na scoile solúbtha, chomh fada agus is féidir, agus oiriúnach do riachtanais an pháiste aonair.*
- *Cothóidh an scoil forbairt dea-féinmheas i measc na ndaltaí tríd an curaclam O.S.P.S.*
- *Beidh tacaíocht curtha ar fáil le haghaidh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i gcomhréir le treoirlínte Roinn Oideachais & Scileanna.*
- *Beidh córas duaiseanna ar leith ann chun dea-thinreamh scoile a chothú.*
- *Bainfear úsáid as seirbhísí An Oifigigh Leasa Oideachais.*
- *Déanfaidh an múinteoir ranga monatóireacht ar rátaí tinrimh na ndaltaí i dtús báire, agus cuirfidh sé/sí an Príomhoide ar an eolas maidir le dalta ar bith a bhfuil fadhb tinrimh aige/aici.*
- *Daltaí a bhfuil drochthinreamh á chleachtadh acu, déanfar iarracht cabhrú leo, chomh fada agus is féidir, feabhas a chur ar an dtinreamh.*

### **A Strategy for Promoting Good School Attendance**

*The Board of Management is committed to providing a positive school atmosphere which is conducive to promoting good school attendance. In this regard:*

- *The school curriculum, insofar as is practicable, is flexible and relevant to the needs of the individual child.*
- *The school will promote development of positive self-worth in the children through the S.P.H.E programme. Support for pupils, who have special educational needs, are in place in accordance with Department of Education & Skills guidelines.*
- *A special reward system will be introduced for promoting good attendance at school.*
- *The assistance of the Education Welfare Officer will be utilised.*
- *The attendance rates of pupils will be monitored by the class teacher in the first instance, and the class teacher will notify the Principal of any concerns regarding the attendance of any child.*



- *Pupils with a poor attendance record will, insofar as is practicable, be supported in an effort to improve their attendance.*

## **Príomhoide**

Déanfaidh an Príomhoide:

- A chinntiú go bhfuil DATABIZ na scoile líonta isteach go rialta i gcomhréir leis an rialúchán & Ciorclán 33/2015.
- An tOifigeach Leasa Oideachais a chur ar an eolas muna mbíonn dalta ag freastal ar scoil go rialta
- Tuismitheoirí a chur ar an eolas nuair a bhíonn páistí as láthair idir 10- 15 lá
- An tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) a chuir ar an eolas
  - Nuair a bhíonn dalta as láthair ar feadh breis is 20 lá i rith na scoilbhliana
  - Má chuirtear páiste ar fionraí 6 lá nó níos mó.
- Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoir nuair a dhéantar cinneadh dul i dteagmháil leis an Oifigeach Leasa Oideachais.
- Chomh fada agus is féidir, tábhacht an dea-thinrimh a chur ar aghaidh i measc daltaí, tuismitheoirí agus foireann na scoile.

## **School Principal**

**The School Principal will:**

- *Ensure that the school register of pupils/ DATABIZ is maintained in accordance with Circular 33/2015*
- *Inform parents when a pupil has been absent between 10-15 days during the course of a school year.*
- *Inform the Education Welfare Officer if a pupil is not attending school regularly or is persistently late.*
- *Inform TUSLA Education Support Services when a pupil has been*
  - *Absent for 20 or more days during the course of a school year.*
  - *Or if a pupil has been suspended for a period of six or more days.*
- *Inform parents of a decision to contact the Education Welfare Officer of concerns regarding a pupil.*
- *Insofar as is practicable, promote the importance of good school attendance among pupils, parents and staff.*

## **An Múinteoir Ranga**

Déanfaidh an Múinteoir Ranga:

- Databiz a chomhlíonadh go laethiúil
- Taifead a choinneáil d'asláithreachtaí gan mhíniú i scríbhínn.
- Taifead a choinneáil de phoncúlacht an pháiste.
- Dul i dteagmháil le tuismitheoirí faoi asláithreachtaí gan tuarisciú.
- Córas duaiseanna do pháistí a bhfuil tinreamh den scoth acu a chur i bhfeidhm.
- Daltaí a spreagadh freastal ar an scoil go rialta agus go poncúil.
- An Príomhoide a chur ar an eolas faoi imní i dtaca le asláithreachtaí dalta ar leith.



### **Class Teacher**

#### **The class teacher will:**

- Complete DATABIZ daily in accordance with procedure.
- Keep a record of absences without a written explanation.
- Keep a record of the child's punctuality.
- Contact & meet parents in instances where absences are not explained.
- Promote a reward system for pupils with exceptional attendance.
- Encourage pupils to attend regularly and punctually.
- Inform the Principal of concerns s/he may have regarding the attendance of any pupil.

### **Ag aistriú scoile/Cumarsáid**

- I gcomhréir le srianta Acht um Chosaint Sonraí cuirfear ar aghaidh sonraí tinrimh agus iompair (de réir mar is gá), chomh maith le torthaí acadúla daltaí a aistríonn go dtí bunscoil eile go dtí Príomhoide na scoile, chomh luath agus a fhaightear fógra i scríbhinn faoin aistriú.
- Lorgófar sonraí tinrimh agus iompraíochta chomh maith le torthaí acadúla daltaí a aistríonn ó bhunscoil eile.
- Cuirfear ar aghaidh sonraí tinrimh agus iompair (de réir mar is gá), chomh maith le torthaí acadúla daltaí a aistríonn go dtí scoil dara leibhéal, má iarrtar iad, go dtí an scoil chomh luath is a fhaightear deimhniú rollaithe.

### **School transfer/Communication**

- Subject to the restrictions of the Data Protection Act, attendance, behaviour (as the situation demands), and academic records of children who transfer to another primary school will be passed to the Principal of the school, as soon as we receive written notification of transfer.
- Attendance, behaviour and academic records of children who transfer from another primary school will be sought directly from the previous school.
- Attendance, behaviour (as the situation demands), and academic records of pupils transferring to a second level school will be sent to the school, if requested, once enrolment has been confirmed.

### **Athbhreithniú (Review)**

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo gach dara bliain. *This policy will be reviewed every second year.*

### **Daingniú agus Cumarsáid (Ratification and Communication)**

Cuirfear cóip den pholasaí seo ar fáil do chách trí shuíomh idirlín na scoile.

*A copy of the policy will be made available to all through our school website.*

Sínte:  
Cathaoirleach

Dáta:

06/12/2022